Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Aibreán 2020**
**(OR. en)**

**7232/1/20**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0121(COD)**

**VOTE 11**
**INF 55**
**PUBLIC 18**
**CODEC 259**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | – Toradh na vótála<br>– TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos rialacha sonracha i dtaca le Treoir 96/71/CE agus Treoir 2014/67/AE maidir le tiománaithe a phostú in earnáil an iompair de bhóthar agus lena leasaítear Treoir 2006/22/CE maidir le ceanglais forfheidhmithe agus Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012<br>= Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis faoi chúiseanna na Comhairle a ullmhú<br>= Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 7 Aibreán 2020 |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

5112/20 + ADD 1

a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 03.04.2020

Na ráitis agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

## General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2017/0121(COD)** (Document: **5112/20**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | DIRECTIVE OF THE EUROPEAN PARLIAMENT AND OF THE COUNCIL laying down specific rules with respect to Directive 96/71/EC and Directive 2014/67/EU for posting drivers in the road transport sector and amending Directive 2006/22/EC as regards enforcement requirements and Regulation (EU) No 1024/2012 |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 18 | | 81,77% |
| No | 9 | | 18,23% |
| Abstain | 0 | | 0% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **07/04/2020**

Final result

| Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|
| **BELGIQUE/BELGIË** | 2,56 | Yes |
| **БЪЛГАРИЯ** | 1,56 | No |
| **CESKÁ REPUBLIKA** | 2,35 | Yes |
| **DANMARK** | 1,30 | Yes |
| **DEUTSCHLAND** | 18,54 | Yes |
| **EESTI** | 0,30 | No |
| **ÉIRE/IRELAND** | 1,10 | Yes |
| **ΕΛΛΑΔΑ** | 2,40 | Yes |
| **ESPAÑA** | 10,49 | Yes |
| **FRANCE** | 14,98 | Yes |
| **HRVATSKA** | 0,91 | Yes |
| **ITALIA** | 13,65 | Yes |
| **ΚΥΠΡΟΣ** | 0,20 | No |
| **LATVIJA** | 0,43 | No |
| **LIETUVA** | 0,62 | No |
| **LUXEMBOURG** | 0,14 | Yes |
| **MAGYARORSZÁG** | 2,18 | No |
| **MALTA** | 0,11 | No |
| **NEDERLAND** | 3,89 | Yes |
| **ÖSTERREICH** | 1,98 | Yes |
| **POLSKA** | 8,49 | No |
| **PORTUGAL** | 2,30 | Yes |
| **ROMÂNIA** | 4,34 | No |
| **SLOVENIJA** | 0,47 | Yes |
| **SLOVENSKO** | 1,22 | Yes |
| **SUOMI/FINLAND** | 1,23 | Yes |
| **SVERIGE** | 2,29 | Yes |
| ~~**UNITED KINGDOM**~~ | | Not participating |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

RÁITIS

**Ráiteas ón mBeilg**

Thug an Bheilg dá haire torthaí an chomhaontaithe shealadaigh ar thángthas air an 11 Nollaig idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le colún sóisialta agus margaidh Phacáiste Soghluaisteachta I.

Is díol sásaimh don Bheilg an feabhas suntasach atá tagtha ar dhálaí oibre tiománaithe trucaile, go háirithe trí chosc a chur ar scíth sheachtainiúil sa chábán, agus trí phostú a chur i bhfeidhm ar oibríochtaí cabatáiste. Ba cheart cothrom na Féinne níos fearr a bhaint amach sa todhchaí trí fheithiclí tráchtála éadroma a chomhtháthú laistigh de raon feidhme an Phacáiste Soghluaisteachta ina iomláine, filleadh trucailí gach 8 seachtain chuig an mbunáit, agus an clár ama uaillmhianach chun tacagraif chliste nua a chur in úsáid lena bhféadfar na rialacha atá ann cheana agus na rialacha nua a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr.

Dá bhrí sin, measann an Bheilg nach bhfuil sé comhleanúnach rochtain ar an margadh a shrianadh a thuilleadh trí thréimhse feithimh 4 lá a fhorchur ar chabatáiste nuair is amhlaidh go n-áiritheoidh an tAontas Eorpach, san am céanna, go mbeidh cóineasú sóisialta aníos ann.

Is bacainn trádála í an tréimhse feithimh, dar linn, atá contrártha do spiorad an mhargaidh inmheánaigh agus d’éifeachtúlacht an tslabhra lóistíochta, ós rud é gur féidir turais fholmha a sheachaint a bhuí le hoibríochtaí cabatáiste.

Is oth linn freisin gur cuireadh isteach togra maidir le postú fadtéarmach, nach raibh le fáil sa togra ón gCoimisiún ná i gcomhaontuithe an dá chomhreachtóir, agus nach ndearnadh measúnú cúramach air go fóill.

In ainneoin na n-eilimintí sóisialta dearfacha atá sa Phacáiste, staonfaidh an Bheilg ón gcomhaontú dá bhrí sin.

**Ráiteas ón mBulgáir, ón gCipir, ón Ungáir, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Mhálta, ón bPolainn agus ón Rómáin**

Is ábhar mór imní don Bhulgáir, don Chipir, don Ungáir, don Laitvia, don Liotuáin, do Mhálta, don Pholainn agus don Rómáin go bhfuil an comhaontú sealadach maidir le Pacáiste Soghluaisteachta I ag teacht salach ar an tsaoirse bhunúsach seirbhísí a sholáthar ar an Margadh Aonair, ar phrionsabal na saorghluaiseachta oibrithe, agus ar phríomhbheartais agus príomhspriocanna an Aontais maidir leis an aeráid.

Tá, go háirithe, an ceanglas maidir le filleadh feithiclí troma ar an mBallstát bunaíochta uair amháin ar a laghad gach ocht seachtaine ag teacht salach ar spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais, a leag an Coimisiún Eorpach amach sa Chomhaontú Glas nua an 11 Nollaig 2019. Tiocfaidh, de thoradh na hoibleagáide sin má ghlactar léi, méadú mór ar líon na dturas folamh trucailí ar bhóithre na hEorpa agus, dá bharr sin, tiocfaidh méadú suntasach ar astaíochtaí $CO_2$ ón earnáil iompair. Áirítear san earnáil sin thart ar an gceathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa atá san Aontas cheana féin.

In ainneoin ár n-iarrachtaí aird a tharraingt ar na pointí sin agus gan beann ar fhianaise eolaíoch ó staidéir maidir leis an tionchar a bheadh ag oibleagáid den sórt sin ar mhéadú na dturas folamh agus astaíochtaí $CO_2$, ní léirítear aon tuiscint i leith an tionchair a mheastar a bheidh ag an bhforáil seo agus táthar ag diúltú d'argóintí réasúnacha. Ag an am céanna, cé go gceanglaítear leis an gclár oibre maidir le rialáil níos fearr measúnú tionchair ar leibhéal an Aontais ar gach beart den sórt sin, níor cuireadh an measúnú sin i láthair go fóill.

Níl i bhfilleadh feithiclí ar an mBallstát bunaíochta ach sampla amháin de na bearta a mholtar i bPacáiste Soghluaisteachta I atá róshriantach agus ró-idirdhealaitheach. Tá imní den chineál céanna orainn faoi na srianta ar chabatáiste i bhfoirm tréimhse feithimh iomarcach. Is ionann an tréimhse feithimh sin agus beart cosantach a mbeidh tionchar sách diúltach aige ar an Margadh Aonair. De réir meastachán ó institiúidí taighde mór le rá, ginfear na milliúin tonna breise d'astaíochtaí $CO_2$ in aghaidh na bliana de thoradh na hoibleagáide maidir le filleadh trucaile mar aon le srianta a fhorchuirfear ar oibríochtaí cabatáiste.

Ábhar mór eile imní is ea go gcuirfear faoi mhíbhuntáiste, i ngeall ar fhilleadh éigeantach na feithicle, na Ballstáit a mbeidh deacrachtaí móra acu seirbhísí iompair trí bhíthin trucailí a chur ar fáil ar an Margadh Aonair de bharr a suímh gheografaigh ar an ábhar go mbeidh ar a bhfeithiclí achair i bhfad níos faide a chumhdach agus bacainní suntasacha nádúrtha a shárú, go háirithe i gcás oileán.

Chomh maith leis sin, is toisc í an iomaíocht éagórach ó oibreoirí tríú tíortha nár tugadh aghaidh uirthi i gceart. Go deimhin, is ábhar mór imní é sin ós rud é go mbeidh tionchar fadtéarmach ag an réiteach atá le cur i bhfeidhm, ní hamháin ar an earnáil iompair, ach ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh ina iomláine freisin.

Tá creat dlíthiúil atá cóir agus láidir de chuid an Aontais dlite don earnáil iompair, rud a spreagfaidh a thuilleadh forbairt na hearnála agus a áiritheoidh, san am céanna, rialacha réalaíocha in-fhorfheidhmithe. Leis an gcomhaontú sealadach, in ionad forálacha cothromaithe agus fíor-chomhréiteach, forchuirtear bearta atá sriantach, díréireach agus cosantach.

Is comhad ríthábhachtach é Pacáiste Soghluaisteachta I don Mhargadh Aonair Eorpach, agus don earnáil iompair de bhóthar. Sa lá atá inniu ann, ní mór dúinn, níos mó ná riamh, feidhmiú rianúil an Mhargaidh Aonair agus gheilleagair na mBallstát uile san Aontas a chaomhnú agus, ag an am céanna, ní mór dúinn a bheith comhsheasmhach le beartais eile an Aontais.

## **Ráiteas ón mBulgáir, ón gCipir, ón Ungáir, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Mhálta, ón bPolainn agus ón Rómáin**

Tá agóid curtha in iúl ag an mBulgáir, ag an gCipir, ag an Ungáir, ag an Laitvia, ag an Liotuáin, ag Málta, ag an bPolainn agus ag an Rómáin in aghaidh chlásal na coimhdeachta agus na comhréireachta a áireamh go huathoibríoch sa chomhaontú polaitiúil a glacadh maidir le trí ghníomh dlí de Phacáiste Soghluaisteachta I le linn do na dlítheangeolaithe athbhreithniú teicniúil a dhéanamh ar na téacsanna.

Aithnímid ríthábhacht phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta chun inniúlachtaí an Aontais a fheidhmiú. Mar sin féin, ag an gcéim dhéanach seo den phróiseas reachtach, ní dea-chleachtas ar an iomlán é an clásal sin a chur isteach agus, i gcás Phacáiste Soghluaisteachta I, tá sé thar a bheith deacair glacadh leis mar gheall ar íogaireacht pholaitiúil an tsainchomhaid ina iomláine agus aird á tabhairt ar iarmhairtí fadtéarmacha na bhforálacha atá beartaithe maidir le feidhmiú earnáil iompair na hEorpa de bhóthar.

Is oth linn go léiríonn sin freisin go raibh drochthionchar ag na himeachtaí gasta ar cháilíocht na reachtaíochta a glacadh. Thairis sin, ba mhaith linn a chur i dtreis nach ndearnadh measúnú tionchair ar roinnt príomhfhorálacha sa chomhaontú polaitiúil. D'aithin an Coimisiún an méid sin freisin sa ráiteas a chuir sé i láthair ag cruinniú Coreper I an 20 Nollaig 2019, inar dhaingnigh an Coimisiún nach raibh roinnt beart mar chuid de na tograí ón gCoimisiún a cuireadh i láthair an 31 Bealtaine 2017 agus nach raibh siad faoi réir measúnú tionchair.

Mar gheall ar easpa anailíse críochnúla, cuirtear bac ar mheastóireacht chuí a dhéanamh ar na bearta a mholtar sna trí ghníomh reachtacha de Phacáiste Soghluaisteachta I maidir lena gcomhlíontacht le riail na comhréireachta.

**Ráiteas ón mBulgáir, ón gCipir, ón Ungáir, ón Laitvia, ón Liotuáin, ó Mhálta, ón bPolainn agus ón Rómáin**

I bhfianaise scaipeadh an choróinvíris COVID-19 nach bhfacthas a leithéid riamh, a bhfuil agus a mbeidh tionchar trom aige, ar an drochuair, ar an earnáil iompair de bhóthar, iarrann an Bhulgáir, an Chipir, an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn agus an Rómáin go gcuirfear an obair ar an bPacáiste Soghluaisteachta I ar fionraí go dtí go mbeidh an phaindéim thart. Dá bhrí sin, vótálaimid i gcoinne an comhad a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn ag an am deacair seo.

Táthar ag súil go ndéanfaidh formhór na ngnóthas oibríochtaí a chur ar fionraí nó a dhúnadh, as a dtiocfaidh laghdú suntasach ar sholáthar seirbhísí iompair agus, dá bhrí sin, ar sheachadadh earraí chun dochair shaoránaigh an Aontais agus fheidhmiú rianúil an gheilleagair.

I bhfianaise ról ríthábhachtach an iompair de bhóthar don iarracht téarnaimh i ndiaidh ráig COVID-19 agus na caillteanais mhóra arna bhfulaingt ag an earnáil le linn an ráig a láimhseáil, ní bheidh iompar de bhóthar ná geilleagar an Aontais in ann leanúint den suaitheadh neamhriachtanach atá á fhorchur le rialáil mar thoradh ar Phacáiste Soghluaisteachta I. Sa chomhthéacs sin ní mór dúinn a chuimhneamh gur fiontair bheaga agus mheánmhéide iad formhór mór na ngnóthas iompair de bhóthar san Aontas Eorpach, ar gnóthas iad atá fíor-leochaileach.

Sna himthosca reatha, níl réasún ná údar cuí le glacadh Phacáiste Soghluaisteachta I mar atá sé faoi láthair. Ba mhaith linn a chur i bhfios go láidir go mbeidh timpeallacht eacnamaíoch an Aontais go hiomlán difriúil nuair a thiocfaidh deireadh le géarchéim an choróinvíris agus creidimid go mbeidh gá le réitigh nua don earnáil iompair de bhóthar a thabharfaidh aghaidh ar an réaltacht nua seo.

Agus aird á tabhairt ar an staid thuasluaite, táimid cinnte dearfa nach mór na réitigh atá beartaithe i bPacáiste Soghluaisteachta I a athmhúnlú le bheith in ann an réaltacht nua eacnamaíoch a chur san áireamh. Dá bhrí sin, molaimid aon obair eile ar an gcomhad seo a chur ar fionraí go dtí go mbeidh deireadh leis an bpaindéim.

**Ráiteas ón Eastóin**

Tacaíonn an Eastóin go hiomlán le cuspóirí na dtograí bunaidh ó cholún sóisialta agus margaidh Phacáiste Soghluaisteachta I [1], arb é ab aidhm dóibh an bealach a réiteach i dtreo rialacha soiléire maidir le hiompar de bhóthar. Tá an Eastóin den tuairim nach mór don mhargadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar san Aontas Eorpach a bheith i gcomhréir le prionsabail ghinearálta an Mhargaidh Aonair, oscailte don iomaíocht, éifeachtúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. Creideann an Eastóin nár cheart go gcuirfeadh ceanglais bhreise ualach riaracháin míréasúnta ar ghnólachtaí ná ar údaráis na hearnála poiblí ná go mbeidís i gcoinbhleacht le cuspóirí bheartas aeráide an Aontais Eorpaigh.

Le linn na caibidlíochta ar an bPacáiste, ghlac an Eastóin cur chuige cuiditheach trí iarracht a dhéanamh na tograí sin lena bhfeabhsófaí dálaí oibre tiománaithe, lena ndéanfaí cleachtais neamhdhleathacha margaidh a chomhrac agus na héifeachtaí diúltacha ar an gcomhshaol a laghdú, a chur san áireamh, agus tacú leo. De thoradh na caibidlíochta, áfach, thángthas ar chomhaontú a fhágann iompróirí na hEastóine faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht, go háirithe trí oibleagáid a fhorchur ar ghnóthais iompair de bhóthar gníomhaíocht a bhflít feithiclí a eagrú ar bhealach lena n-áiritheofaí go bhfillfeadh a cuid feithiclí ar an mBallstát bunaíochta laistigh de 8 seachtain tar éis an Ballstát a fhágáil ("an oibleagáid maidir le filleadh feithicle").

Ní raibh an oibleagáid sin mar chuid den phacáiste bunaidh. Níor cuireadh faoi réir measúnú tionchair substainteach í agus, i ngeall air sin, is údar imní é nach gcomhlíontar na critéir a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr [2].

Ar an dara dul síos, i gcás ina gcuirfear oibleagáid ar na feithiclí filleadh ar an mBallstát bunaíochta, teorannaítear limistéar geografach na n-oibríochtaí do ghnóthais iompair de bhóthar an Bhallstáit sin, rud nach bhfuil i gcomhréir le haidhm Phacáiste Soghluaisteachta I cothrom na Féinne a áirithiú.

---

1 9668/17 - COM(2017) 281 final; 9670/17 - COM(2017) 277 final; 9671/17 - COM(2017) 278 final.

2 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32016Q0512%2801%29

Ar an tríú dul síos, de bharr go méadaítear leis an oibleagáid seo líon na dturas folamh agus astaíochtaí breise $CO_2$, tá an Eastóin den tuairim go bhfuil an ceanglas seo ag teacht salach ar chuspóirí bheartas aeráide an Aontais agus ar spriocanna Chomhaontú Pháras. Níl sé ag teacht le Conclúidí na Comhairle Eorpaí an 12 Nollaig 2019 [3].

Anuas air sin, measann an Eastóin go mbeadh an ceanglas seo díréireach toisc go bhfuil bearta sa chomhaontú cheana chun dul i ngleic le feiniméan na "gcuideachtaí caocha", mar a thugtar orthu. Leis an oibleagáid maidir le filleadh feithicle, d'fhéadfaí cleachtais den sórt sin a dhreasú agus, ina theannta sin, spreagtar gnóthais iompair de bhóthar ó Bhallstáit fhorimeallacha le hathlonnú, rud a d'fhágfadh go dtiocfadh laghdú ar phoist agus ar ioncam cánach.

Ar deireadh, ós rud é go bhféadfadh an beart cur leis an méid tráchta, tá imní ar an Eastóin faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar shábháilteacht ar bhóithre.

Dá bhrí sin, agus béim á leagan arís ar a tacaíocht do chuspóirí na dtograí bunaidh de cholún sóisialta agus margaidh Phacáiste Soghluaisteachta I, is cúis aiféala don Eastóin go gcuimsítear sa chomhaontú an oibleagáid maidir le filleadh feithicle. I bhfianaise na nithe a leagtar amach thuas, vótálfaidh an Eastóin in aghaidh an chomhaontaithe seo.

## Ráiteas ón Ungáir

Ba mhaith leis an Ungáir a athdhearbhú go bhfuil imní mhór uirthi faoi na héifeachtaí aeráide díobhálacha, diúltacha, lena saobhtar an margadh, atá ag comhpháirteanna éagsúla den Chéad Phacáiste Soghluaisteachta agus cuireann sí in iúl go bhfuil sí an-mhíshásta leis an easpa measúnuithe tionchair cuí agus fairsinge, rud atá ag teacht salach ar chuspóirí tosaigh an Chéad Phacáiste Soghluaisteachta.

---

3 Roinn 1, mír 5: *Ní mór reachtaíocht agus beartais ábhartha uile an Aontais a bheith comhchuí le cuspóir na haeráidneodrachta a chomhlíonadh agus ní mór dóibh rannchuidiú le comhlíonadh an chuspóra sin agus cothrom na Féinne do chách á urramú ag an am céanna. /…/*
https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-29-2019-INIT/ga/pdf

Léirigh an Ungáir riamh go raibh sí réidh le dul i ngleic leis an gcalaois, le mí-úsáidí agus le cleachtais éagóracha agus réidh aghaidh a thabhairt ar dhálaí sóisialta na dtiománaithe san earnáil iompair de bhóthar. Agus sinn ag dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, ba cheart dúinn aon ilroinnt, caomhnaitheacht a sheachaint agus ualach riaracháin iomarcach a fhorchur ar ghnóthais iompair na hEorpa, atá ag feidhmiú go cóir ar mhargadh inmheánach an iompair de bhóthar. Measaimid féin nár cheart cur isteach ar chaomhnú fheidhmiú éifeachtach ár margaidh inmheánaigh, i bhfianaise go dtiocfaidh tuilleadh post agus iomaíochas don Eoraip as sin i ré seo an teannais eacnamaíoch dhomhanda atá ag méadú.

Dá bhrí sin, leis an bpacáiste sin, ba cheart dúinn a áirithiú go bhféadfaí le creat dlíthiúil an Aontais a bheidh ann amach anseo, leas iomlán a bhaint as buntáistí iomaíocha agus, iomaíocht chóir agus leibhéal leordhóthanach dálaí oibre do thiománaithe a chosaint ag an am céanna. Ach ina áit sin, ní bhaintear an chothromaíocht sin amach leis an gcomhaontú deiridh agus ní chuirtear chun cinn ach cur chuige amháin bunaithe ar chaomhnaitheacht náisiúnta agus ar rialacha neamh-infheidhmithe san earnáil.

Go háirithe, táimid den bharúil gurb ionann rialacha sonracha maidir le tiománaithe a phostú san earnáil iompair de bhóthar ("*lex specialis*") agus srian gan údar ar shaoirsí bunúsacha agus, dá thoradh sin, go bhfuil cothrom na Féinne laistigh den Aontas á shaobhadh. Tugaimid dár n-aire go dtugtar údar sa chomhaontú deiridh leis an amhras atá orainn faoi shaincheist an iompair de bhóthar a dheighilt ón leasú ar an Treoir maidir le hoibrithe a phostú [Treoir (AE) 2018/957]. Go háirithe, ní raibh an tsamhail dheighilte a tugadh isteach i dtaca le tiománaithe a phostú mar chuid den togra ón gCoimisiún, agus mar sin ní raibh sí faoi réir measúnú tionchair.

Ar an dara dul síos, feictear dúinn gur fadhb mhór é nach gcuirtear san áireamh leis an toirmeasc iomlán ar scíth sheachtainiúil a ligean sa chábán an easpa limistéar oiriúnach scíthe laistigh den Aontas ina bhfuil cóiríocht chuí do thiománaithe. Ar an dóigh sin, is é a bheadh sa toirmeasc sin, foráil de chuid an Aontais nach bhféadfaí a chur i bhfeidhm, agus chaithfí amhras ar a dhlíthiúlacht.

Ar an tríú dul síos, a mhéid a bhaineann lenár spriocanna aeráide, tá oibleagáid maidir le filleadh feithicle ar an mBallstát bunaíochta uair amháin ar a laghad gach ocht seachtaine ag teacht salach ar spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais, a leag an Coimisiún Eorpach amach sa Chomhaontú Glas nua an 11 Nollaig 2019. Má ghlactar an beart sin, tiocfaidh méadú ar líon na dturas folamh trucailí ar bhóithre na hEorpa agus, dá dheasca sin, tiocfaidh méadú ar astaíochtaí $CO_2$ ón earnáil iompair de bhóthar.

Ina theannta sin, ní chuirtear an riosca go gcruthófaí buntáiste iomaíoch éagórach d'oibreoirí tríú tír san áireamh i gceart leis an gcomhaontú deiridh. Anuas air sin, tá buntáiste iomaíoch ag baint leis an athsholáthar éigeantach ar thacagraif ardchostais d'iompróirí tríú tír, ós rud é nach fios dáta suiteála na dtacagraf cliste d'fheithiclí de chuid gnóthas a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d'Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (AETR).

Ó ghné shóisialta agus ó ghné an iomaíochais araon, is den riachtanas é nuachóiriú a dhéanamh ar earnáil iompair na hEorpa de bhóthar, ar bunchloch ríthábhachtach de gheilleagar na hEorpa í. Ní féidir an sprioc sin a bhaint amach gan lánaird a thabhairt ar an méid atá bainte amach agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú agus gan gníomhú go freagrach chun spriocanna uaillmhianacha aeráide a bhaint amach.